

Breithiúnas na Cúirte (an Naoú Dlísheomra) an 30 Meitheamh 2022 – Fakro sp. z o.o. v an Coimisiún Eorpach, Poblacht na Polainne

(Cás C-149/21 P) ⁽¹⁾

(Achomharc – Iomaíocht – Diúltú an Choimisiúin Eorpaigh do ghearán – Easpa leasa an Aontais)

(2022/C 318/15)

Teanga an cháis: an Pholainnis

Páirtithe sna príomhimeachtaí

Iarratasóir: Fakro sp. z o.o. (ionadaithe: Z. Kiedacz agus A. Radkowiak-Macuda, radcowie prawni)

Páirtithe eile sna himeachtaí: An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: M. Farley, I.V. Rogalski agus J. Szczodrowski, i gcáil Gníomhairí), Poblacht na Polainne (ionadaí: B. Majczyna, i gcáil Gníomhaire)

An chuid oibríochtúil

- 1) Déantar an changean a dhíbhe.
- 2) Ordaítear do Fakro sp. z o.o. a chostais féin agus na costais arna dtabhú ag an gCoimisiún Eorpach a íoc.
- 3) Íocfaidh Poblacht na Polainne ABC as a costais féin.

⁽¹⁾ IO C 182, 10.05.2021

Breithiúnas na Cúirte (an Naoú Dlísheomra) an 30 Meitheamh 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Sofiyski rayonen sad – an Bhulgáir) – Profi Credit Bulgaria v T.I.T.

(Cás C-170/21) ⁽¹⁾

(Tarchur chun réamhrialú – Treoir 93/13/CEE – Creidmheas tomhaltóirí – Téarmaí éagóracha i gconarthaí tomhaltóra – Airteagal 6(1) – Athbhreithniú ex officio – Diúltú ordú íocaíochta a eisiúint i gcás éileamh atá bunaithe ar théarma éagórach – Iarmhairtí a bhaineann le héagthroime téarma conarthach – An ceart chun aisíocaíochta – Prionsabal na coibhéise agus prionsabal na héifeachtachta – Fritháireamh a dhéanamh ex officio)

(2022/C 318/16)

Teanga an cháis: an Bhulgáiris

An chúirt a rinne an tarchur

Sofiyski rayonen sad

Páirtithe sna príomhimeachtaí

Iarratasóir: Profi Credit Bulgaria

Cosantóir: T.I.T.

An chuid oibríochtúil

- 1) Ní mór Airteagal 6(1) de Threoir 93/13/CEE ón gComhairle an 5 Aibreán 1993 maidir le téarmaí éagóracha i gconarthaí tomhaltóra a léirmhíniú mar ní a chiallaíonn go gceanglaítear ar chúirt náisiúnta ex officio, agus iarratas á éisteacht aici ar ordú íocaíochta a dhéanamh agus i gcás nach nglacann an féichiúnaí is tomhaltóir lena mbaineann páirt sa nós imeachta go dtí go n-eiseofar an t-ordú íocaíochta sin, gan téarma éagórach sa chonradh creidmheasa tomhaltóra arna thabhairt i gcrích idir an tomhaltóir sin agus an díoltóir nó an soláthróir lena mbaineann, ar a bhfuil cuid den éileamh líomhnaithe sin bunaithe, a chur i bhfeidhm. Sa chás sin, tá sé de chumhacht ag an gcúirt sin an t-iarratas sin a dhiúltú go páirteach, ar choinníoll gur féidir leis an gconradh leanúint ar aghaidh ar marthain gan aon leasú, athrú nó forlíonadh breise, a bhfuil sé de dhualgas ar an gcúirt sin a fhíorú.

- 2) Ní mór Airteagal 6(1) de Threoir 93/13 a léirmhíniú mar ní a chiallaíonn, cé go gceanglaítear leis an bhforáil sin ar an gcúirt náisiúnta, agus iarratas á éisteacht aici ar ordú íocaíochta, aird a thabhairt ar na tátail go léir a eascraíonn, faoin dlí náisiúnta, as cinneadh go bhfuil téarma i gconradh idir tomhaltóir agus díoltóir nó soláthróir éagórach chun a chinntiú nach bhfuil an tomhaltóir sin faoi cheangal ag an gconradh sin, nach gceanglaítear léi, i bprionsabal, ar an gcúirt sin fritháireamh a dhéanamh ex officio idir an íocaíocht a rinneadh ar bhonn an téarma sin agus an t-iarmhéid atá dlite faoin gconradh sin, faoi réir, áfach, chomhlíonadh phrionsabail na coibhéise agus na héifeachtachta.
- 3) Ní mór Airteagal 6(1) de Threoir 93/13 a léirmhíniú mar ní a chiallaíonn, má léitear, faoin bhforáil sin, i bhfianaise phrionsabail na coibhéise agus na héifeachtachta, go bhfuil sé d'oibleagáid ar an gcúirt náisiúnta, agus í ag éisteacht iarratas ar ordú íocaíochta, fritháireamh a dhéanamh ex officio idir an íocaíocht a rinneadh ar bhonn téarma éagórach atá i gconradh creidmheasa tomhaltóra agus an t-iarmhéid atá dlite faoin gconradh sin, go gceanglaítear ar an gcúirt sin gan an cásdlí dá mhalairt i gcúirt níos uachtaraí a chur i bhfeidhm.

(¹) IO C 206, 31.05.2021

Breithiúnas na Cúirte (an Seachtú Dlísheomra) an 30 Meitheamh 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Tribunal Superior de Justicia de Castilla y León – an Spáinn) – Clemente v Comunidad de Castilla y León (Dirección General de la Función Pública)

(Cás C-192/21) (¹)

(Tarchur chun réamhrialú – Beartas sóisialta – Treoir 1999/70/CE – Comhaontú Réime maidir le hobair ar théarma socraithe arna thabhairt i gcrích ag ETUC, UNICE agus CEEP – Clásal 4(1) – Prionsabal an neamh-idirdhealaithe – Mainneachtáin na seirbhísí arna soláthar ag gníomhaire sealadach, atá anois ina bhuan-státseirbhíseach, a chur san áireamh chun críche a ghrád pearsanta a chomhdhlúthú – Comhshamhlú na seirbhísí sin leo siúd a sholáthraíonn státseirbhíseach gairme – Coincheap “forais oibiachtúla” – An tréimhse seirbhíse á cur san áireamh chun stádas státseirbhíseach gairmea fháil – Struchtúr dul chun cinn ingearach na státseirbhísigh gairme faoin reachtaíocht náisiúnta)

(2022/C 318/17)

Teanga an cháis: an Spáinnis

An chúirt a rinne an tarchur

Tribunal Superior de Justicia de Castilla y León

Páirtithe sna príomhimeachtaí

Iarratasóir: Clemente

Cosantóir: Comunidad de Castilla y León (Dirección General de la Función Pública)

An chuid oibríochtúil

Le clásal 4(1) den Chomhaontú Réime maidir le hobair ar théarma socraithe, arna thabhairt i gcrích an 18 Márta 1999, atá i gceangal le Treoir 1999/70/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 maidir leis an gComhaontú Réime maidir le hobair ar théarma socraithe arna thabhairt i gcrích ag ETUC, UNICE agus CEEP, cuirtear bac ar reachtaíocht náisiúnta lena bhforáiltear, chun críocha grád pearsanta a chomhdhlúthú, nach gcuirtear seirbhísí a sholáthar buan-státseirbhíseach mar ghníomhaire sealadach san áireamh sular bhain sé nó sí stádas mar státseirbhíseach gairme amach.

(¹) IO C 263, 05.07.2021